

Clár

1	Céard é cuspóir an Chomhaontaithe?	3
2	Cé na daoine a chuimsítear faoin gComhaontú seo?	3
3	Céard iad na híocaíochtaí a chuimsítear faoin gComhaontú?	4
4	Cén tír a mbeidh a dlíthe Leasa Shóisialaigh i bhfeidhm?	5
5	Cén tairbhe atá sa Chomhaontú domsa?	6
6	Conas a ríomhtar na híocaíochtaí?	6
7	Conas a fhaightear an íocaíocht?	9
8	An bhfuil tionchar ag an gComhaontú ar íocaíochtaí ar bith a d'fhéadfainn a fháil ó thír eile?	10
9	An féidir liom cáiliú le haghaidh íocaíochta ón dá thír?	10
10	An bhfuil cead agam sochair sa bhreis a éileamh?	11
11	Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?	11

Márta 2011

Ó am go chéile athraíonn na coinníollacha cáilithe le haghaidh na scéimeanna seo againne. Déan seiceáil i gcónaí leis an Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh nó déan teagmháil lenár Seirbhísí Eolais, le fáil amach an bhfuil athrú ar na coinníollacha cáilithe (féach ar leathanach 13 chun sonraí teagmhála a fháil).

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart ag am a fhoilsithe. Is mar threoir amháin atá an leabhrán seo, agus ní fhéachtar le léirmhíniú dlíthiúil a sholáthar ann.

Comhaontú Leasa Shóisialaigh idir Éirinn agus an Nua-Shéalainn

Is treoir ghearr í an bhileog seo ar an gComhaontú Leasa Shóisialaigh idir Éirinn agus an Nua-Shéalainn, rud a tháinig i bhfeidhm ar 1 Márta 1994.

1. Céard é cuspóir an Chomhaontaithe?

Is é is príomhchuspóir don Chomhaontú ná cosaint a dhéanamh ar chearta pinsin na ndaoine a d'oibrigh in Éirinn agus a d'oibrigh nó a bhí ina gcónaí sa Nua-Shéalainn.

Déanann an Comhaontú é seo trí ligean do ranníocaíochtaí leasa shóisialaigh a íoctar i dtír amháin a bheith á n-áireamh ar mhaithe le cáiliú le haghaidh íocaíochtaí áirithe sa tír eile.

Déantar déileáil sa Chomhaontú chomh maith le stádas leasa shóisialaigh na n-oibrithe a chuirtear ar shannacháin shealadacha ó thír amháin go tír eile.

2. Cé na daoine a chuimsítear faoin gComhaontú seo?

Tá tú á chuimsiú ag an gComhaontú má d'íoc tú ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh in Éirinn agus má bhí tréimhsí cónaithe inírofa caite agat sa Nua-Shéalainn.

Bíonn ranníocóirí féinfhostaithe á gcuimsiú ag an gComhaontú chomh maith. Síneann sé chomh fada le do chleithiúnaithe agus do mharthanóirí chomh maith, mar shampla, Pinsin Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach) agus Pinsin (Ranníocacha) Caomhnóra.

3. Céard iad na hÍocaíochtaí a chuimsítear faoin gComhaontú?

Is iad na hÍocaíochtaí **Éireannacha** atá cuimsithe faoin gComhaontú ná:

- Pinsean Stáit (Ranníocach) (iníoctha ag 66 bliain d'aois),
- Pinsean Stáit (Eatramhach) (iníoctha ag 65 bliain d'aois),
- Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach),
- Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach),
- Pinsean Easláine,

agus

- Deontas Méala.

Is iad na hÍocaíochtaí **Nua-Shéalannacha** atá cuimsithe faoin gComhaontú ná:

- Aoisliúntas Náisiúnta,
- Sochar Easláin,
- Sochar Baintrí,
- Sochar cuspóirí tí do Bhaintreacha Fir,
- Pinsean Seansaighdiúra,

agus

- Sochar Dilleachta.

4. Cén tír a mbeidh a dlíthe Leasa Shóisialaigh i bhfeidhm?

Ar an mórchuid, tá tú faoi réir reachtaíocht Leasa Shóisialaigh na tíre ina bhfuil tú ag obair.

Mar sin, má thagann tú go hÉirinn le bheith ag obair, is gnách go mbeidh tú faoi réir dhlí leasa shóisialaigh na hÉireann agus go n-íocfaidh tú ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh (ÁSPC) anseo.

Ar an gcaoi chéanna, má théann tú go dtí an Nua-Shéalainn le bheith ag obair, beidh tú faoi réir dhlíthe leasa shóisialaigh na Nua-Shéalainne agus seans go mbeidh ort ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh a íoc ansin.

Sannacháin Shealadacha

Má chuireann fostóir Éireannach go dtí an Nua-Shéalainn thú le bheith ag obair trí shannachán sealadach, leanfaidh tú de ranníocaíochtaí Éireannacha ÁSPC a íoc suas go dtí an chéad 24 mí den fhostaíocht sa Nua-Shéalainn.

Mar sin, má tá tú fostaithe faoi láthair in Éirinn agus má tá tú le dul ag obair sa Nua-Shéalainn trí shannachán sealadach, ba cheart duitse nó do d'fhostóir dul i dteagmháil leis an rannóg seo a leanas:

Bailiúcháin Speisialta ÁSPC

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Bóthar Chorcaí

Port Láirge

Íosghlao: 1890 690 690 (ó Phoblacht na hÉireann amháin), nó +353 14 715898 (ó Thuaisceart Éireann nó ón iasacht).

Ba cheart é seo a dhéanamh chomh luath agus is féidir, ionas gur féidir na foirmeacha agus an chomhairle riachtanach a thabhairt.

5. Cén tairbhe atá sa Chomhaontú domsa?

D'fhéadfá cáiliú le haghaidh íocaíochtaí leasa shóisialaigh i bhfianaise tairfead comhcheangailte ranníocaíochtaí ó Éirinn agus ón Nua-Shéalainn, mura bhfuil go leor ranníocaíochtaí déanta agat i dtaifead amháin leis féin.

6. Conas a ríomhtar na híocaíochtaí?

Íocaíochtaí Éireannacha

Faoi réir fhorálacha an Chomhaontaithe, is féidir ranníocaíochtaí a íoctar sa Nua-Shéalainn a úsáid chun na coinníollacha ÁSPC le haghaidh íocaíochtaí Éireannacha a shásamh.

Ach is gá go mbeadh íosmhéid de ranníocaíochtaí Éireannacha ÁSPC agat, le bheith cáilithe chun ranníocaíochtaí Leasa Shóisialaigh na Nua-Shéalainne agus na hÉireann a chur le chéile.

Maidir le Pinsean Stáit (Ranníocach), Pinsean Stáit (Eatramhach), Pinsean (Ranníocach) Baintrí, Baintrí Fir agus Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh agus Pinsean Easláine, beidh gá le hobair a bheith déanta agat in Éirinn agus íosmhéid 52 ranníocaíocht Éireannach a bheith íoctha nó creidiúnaithe agat **agus** na coinníollacha cónaithe íosta de chuid na Nua-Shéalainne a shásamh.

Chomh luath is a shásaítear na coinníollacha seo, úsáidtear foirmle (féach thíos) chun an ráta atá iníoctha a ríomh maidir le:

- Pinsean Stáit (Ranníocach),
- Pinsean Stáit (Eatramhach),
- Pinsean Easláine, agus
- Pinsean (Ranníocach) Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh.

Foirmle chun pinsean a ríomh i gcás go bhfuil ranníocaíochtaí Éireannacha agus Nua-Shéalannacha araon san áireamh.

Líon iomlán na ranníocaíochtaí Éireannacha

méadaithe faoi

Méid an phinsin dhlite má rinneadh na ranníocaíochtaí go léir in Éirinn **agus roinn ansin ar**

lomlán na ranníocaíochtaí comhcheangailte in Éirinn agus sa Nua-Shéalainn.

Tá difríochtaí beaga idir na coinníollacha árachais shóisialaigh agus iad faoi réir na tíre/na dtíortha eile atá i gceist.

Sampla

Seo a leanas sampla den chaoi a ríomhaimid pinsean má tá árachas sóisialach íoctha agat in Éirinn agus má d'oibrigh tú nó má bhí cónaí ort sa Nua-Shéalainn. Féachfar ar gach seachtain féilire, nó ar chuid di, de chónaí inríofa sa Nua-Shéalainn mar íocaíocht cháilitheach in Éirinn.

Tá 280 ranníocaíocht Éireannach agus 560 ranníocaíocht Nua-Shéalannach déanta agat i rith 35 bliain ón dáta ar thosaigh tú ag gabháil d'fhostaíocht inárachais, suas go dtí deireadh na bliana cánach sular bhain tú aois an phinsin amach.

Céim 1

Ríomhaimid an pinsean 'barúlach' a gheofá dá mbeadh do ranníocaíochtaí ó Éirinn agus ón Nua-Shéalainn araon mar ranníocaíochtaí ó Éirinn amháin. Is éard a dhéanaimid chun a leithéid a dhéanamh ná go gcuirimid na ranníocaíochtaí Éireannacha agus Nua-Shéalannacha le chéile agus roinnimid an t-iomlán ansin ar líon na mblianta chun líon meánach bliantúil na ranníocaíochtaí a fháil.

Ranníocaíochtaí

280 ó Éirinn agus 560 ón Nua-Shéalainn	840
$840 \div 35$ bliain	24

Bheadh pinsean seachtainiúil pearsanta €225.80* (méid barúlach) mar thoradh ar mheán bliantúil 24 ranníocaíocht Éireannach.

*Rátaí Pinsean Stáit amhail ar Eanáir 2011

Céim 2

Méadaímid an pinsean barúlach faoi líon na ranníocaíochtaí Éireannacha agus roinnimid an freagra ar líon iomlán na ranníocaíochtaí. Léiríonn sé seo an íocaíocht phinsin pro rata.

Méid pearsanta

$$\frac{\text{€}225.80 \times 280}{840} \quad \text{€}75.27$$

Má cháilíonn tú chun Méadú do Dhuine Fásta Cáilithe (MDFC) a fháil in éineacht le do phinsean Éireannach, méadaímid an méid barúlach, agus an MDFC san áireamh, faoi líon na ranníocaíochtaí Éireannacha agus roinnimid an freagra ar líon iomlán na ranníocaíochtaí.

Méid pearsanta móide Méadú do Dhuine Fásta Cáilithe faoi bhun 66

$$\frac{\text{€}379.30 \times 280}{840} \quad \text{€}126.43$$

Tá na figiúirí seo bunaithe ar rátaí Pinsean Stáit amhail ar Eanáir 2011.

Íocaíocht Caomhnóra (Ranníoch), Deontas Méala

Chomh luath is a bheidh teidlíocht arna deimhniú i leith Íocaíocht (Ranníoch) Caomhnóra nó Deontas Méala, trí ranníocaíochtaí Éireannacha amháin nó trí chomhcheangal ranníocaíochtaí Éireannacha agus Nua-Shéalannacha, beidh an ráta iomlán cuí iníoctha.

Íocaíochtaí Nua-Shéalannacha

Ba chóir ceisteanna ar bith faoi Íocaíochtaí Nua-Shéalannacha a chur ar a nAireacht Forbartha Sóisialta. Tá na sonraí teagmhála ar leathanach 13.

7. Conas a fhaightear an íocaíocht?

Má tá tú i do chónaí in Éirinn

Má cháilíonn tú, d'fhéadfá íocaíocht Éireannach a fháil:

- ag do rogha oifig phoist le Cárta Seirbhísí Sóisialacha nó
- díreach isteach i do chuntas reatha, taisce nó coigiltis ag institiúid airgeadais.

Má cháilíonn tú le haghaidh Pinsean Easláine agus má íoctar thú ag oifig phoist le hAistriú Eolais Leictreonach (AEL), d'fhéadfá leas a bhaint as an tSeirbhís Buiséad Teaghlaigh chomh maith.

Is íocaíocht aon uaire é an Deontas Méala, rud a dhéantar le seic.

Má tá tú i do chónaí taobh amuigh den Stát

Má cháilíonn tú le haghaidh pinsean Éireannach, is féidir go ndéanfaí d'íocaíocht trí Aistriú Airgid Leictreonach isteach i gcuntas Éireannach nó i gcuntas in institiúid airgeadais taobh amuigh den Stát. Déanfar an íocaíocht in airgeadra na tíre ina bhfuil an cuntas agat. Déanfar an íocaíocht seo gach ceithre seachtaine. Íocfar seachtain amháin di roimh ré agus íocfar trí seachtaine di i riaráiste.

8. An bhfuil tionchar ag an gComhaontú ar íocaíochtaí ar bith a d'fhéadfainn a fháil ó thír eile?

Níl!

Má tá tú i dteideal íocaíocht a fháil faoin gComhaontú seo, ní bheidh aon tionchar aige seo ar do theidlíocht i leith íocaíochta ó Stát eile, faoi fhorálacha Rialacháin an CE ar Leas Sóisialach.

Ciallaíonn sé seo go bhféadfá íocaíocht a fháil ó Stát eile faoi Rialacháin an CE, chomh maith le híocaíocht ó Éirinn faoin gComhaontú seo ag an am céanna.

D'fhéadfadh sé seo a bheith i gceist má bhí tú fostaithe sa Nua-Shéalainn, in Éirinn agus i dtír eile atá cuimsithe ag Rialacháin an CE.

Ach nuair a bhíonn teidlíocht duine i leith íocaíochta á ríomh faoin gComhaontú seo idir Éirinn agus an Nua-Shéalainn, ní chuirfear tréimhsí oibre a críochnaíodh sa tír eile atá cuimsithe faoi Rialacháin an CE san áireamh.

Níl cead agat dhá phinsean Éireannacha a éileamh. Mar shampla, má cháilíonn tú le haghaidh ceann amháin i bhfianaise taifead comhcheangailte ranníocaíochtaí faoin gComhaontú seo leis an Nua-Shéalainn agus ceann eile i bhfianaise taifid chomhcheangailte le Stát eile de chuid an AE faoi Rialacháin an CE, gheobhaidh tú cibé pinsean Éireannach is mó.

9. An féidir liom cáiliú le haghaidh íocaíochta ón dá thír?

Is féidir!

Is féidir le duine cáiliú le haghaidh íocaíochta ón dá thír (Éire agus an Nua-Shéalainn) ag an am céanna.

10. An bhfuil cead agam sochair sa bhreis a éileamh?

Má tá cónaí ort in Éirinn agus má fhaigheann tú pinsean leasa shóisialaigh Éireannach nó Nua-Shéalannach, d'fhéadfá cáiliú le haghaidh sochar atá saor in aisce faoi chóras leasa shóisialaigh na hÉireann, faoi réir na ngnáthchoinníollacha.

- Pacáiste Sochair Teaghlaigh (Liúntas Leictreachais/Gáis, Ceadúnas Teilifíse Saor in Aisce agus Liúntas Gutháin),
- Liúntas Breosla,
- Saorthaisteal.

Má tá tuilleadh eolais uait, logáil isteach ar www.welfare.ie.

11. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Má tá cónaí ort in Éirinn agus más mian leat éileamh a dhéanamh nó ceist a chur faoi theidlíocht Éireannach faoin gComhaontú, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le d'Oifig Áitiúil Leasa Shóisialaigh nó:

Maidir le **Pinsean Stáit (Ranníocach)**, **Pinsean Stáit (Eatramhach)**, **Pinsean (Ranníocach) Baintrí**, **Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh**, nó **Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach)**, déan teagmháil le(is):

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Bóthar an Choláiste
Sligeach

Íosghlao: 1890 500 000 (ó Phoblacht na hÉireann amháin), nó
+353 71 9157100 (ó Thuaisceart Éireann nó ón iasacht).

Maidir le **Pinsin Easláine**, téigh i dteagmháil le:

Rannóg an Phinsin Easláine

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Foirgnimh an Rialtais
Bóthar Bhéal Átha na Lao
An Longfort

Íosghlao: 1890 92 77 70 (ó Phoblacht na hÉireann amháin), nó
+353 43 3340000 (ó Thuaisceart Éireann nó ón iasacht).

Maidir le **Deontas Méala**, déan teagmháil leis na Seirbhísí Leasa Shóisialaigh i Sligeach má bhí pinsean á íoc uaidh sin.

I ngach cás eile, téigh i dteagmháil le:

Rannóg an Deontais Méala

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Foirgnimh an Rialtais
Bóthar Bhéal Átha na Lao
An Longfort

Íosghlao: 1890 927 770 (ó Phoblacht na hÉireann amháin), nó
+353 43 3340000 (ó Thuaisceart Éireann nó ón iasacht).

Tabhair faoi deara

D'fhéadfadh rátaí difriúla a bheith á ngearradh ag soláthraithe seirbhíse éagsúla ar úsáid uimhreacha 1890 (Íosghlao).

Má tá a thuilleadh eolais uait faoi **Shannacháin Shealadacha**, téigh i dteagmháil le:

Rannóg na mBailiúchán Speisialta ÁSPC

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Oifigí an Rialtais
Bóthar Chorcaí
Port Láirge

Íosghlao: 1890 690 690 (ó Phoblacht na hÉireann amháin), nó
+353 1 47 15898 (ó Thuaisceart Éireann nó ón iasacht).

Maidir le teidlíocht i leith na sochar faoin gComhaontú ón Nua-Shéalainn, déan teagmháil le:

Ministry of Social Development

P.O Box 1556

Wellington 6140

New Zealand

Guthán: 0064 4916 3300

Má theastaíonn uait leabhráin eolais, foirmeacha iarratais agus tuilleadh eolais a fháil faoi sheirbhísí leasa shóisialaigh:

- Logáil isteach ar **www.welfare.ie**.
- Líne Eolais Íosghlao ag **1890 66 22 44** (ó Phoblacht na hÉireann amháin) nó **+353 71 91 93313** (ó Thuaisceart Éireann nó ón iasacht).
- Buail isteach chuig d'Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh nó chuig an Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Tabhair faoi deara

D'fhéadfadh rátaí difriúla a bheith á ngearradh ag soláthraithe seirbhíse éagsúla ar úsáid uimhreacha 1890 (Íosghlao).

Leabhráin úsáideacha eile:

Deontas Méala	SW 47
Saorthaisteal	SW 40
Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach) agus Íocaíocht Caomhnóra (Neamh-ranníocach)	SW 115
Pacáiste Sochair Teaghlaigh	SW 107
Pinsean Easláine	SW 44
Pinsean Stáit (Eatramhach) agus Pinsean Stáit (Ranníocach)	SW 118
Pinsean (Ranníocach) Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh	SW 25